Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/534

25.3.2025

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/534 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21 Márta 2025**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1226 a mhéid a bhaineann le hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Bioquell HPV-AQ'**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Iúil 2022, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1226 ón gCoimisiún ([2]) deonaíodh údarú Aontais, faoi uimhir EU-0027469-0000, do Ecolab Deutschland GmbH chun an táirge bithicídeach singil 'Bioquell HPV-AQ' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid. Soláthraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin an achoimre ar shaintréithe táirge le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil sin.

(2) An 24 Eanáir 2023 agus an 24 Aibreán 2024, rinne Ecolab Deutschland GmbH fógraí faoi athruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Bioquell HPV-AQ' a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([3]), ar fógraí iad a taifeadadh sa chlár do tháirgí bithicídeacha faoi chás-uimhreacha BC-EE084020-66 agus BC-VW094451-98. Baineann na hathruithe ar tugadh fógra fúthu le monaróirí substaintí gníomhacha agus foirmlitheoirí táirgí bithicídeacha a chur leis an údarú, ainm an mhonaróra a athrú ó 'Ecolab SNC' go dtí 'Ecolab Europe GmbH' chun ailíniú a dhéanamh le húdaruithe eile le haghaidh táirgí bithicídeacha de chuid Ecolab, agus méid pacáistithe amháin a chur leis an raon pacáistithe a ndéantar measúnú air le linn na meastóireachta. An 10 Márta 2023 agus an 20 Bealtaine 2024 ([4]), i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, chuir an Ghníomhaireacht tuairimí faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na hathruithe riaracháin ar tugadh fógra fúthu ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Bioquell HPV-AQ'. Sna tuairimí, is é conclúid na Gníomhaireachta maidir leis na hathruithe atá beartaithe gur athruithe riaracháin iad dá dtagraítear in Airteagal 50(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus a shonraítear i dTeideal 1, Roinn 1, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, agus go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 528/2012 go fóill tar éis na hathruithe sin a bheith curtha chun feidhme.

(3) An 29 Aibreán 2024, sheol an Ghníomhaireacht an achoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh maidir leis an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Bioquell HPV-AQ' chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais lena gcumhdaítear na hathruithe riaracháin uile ar cuireadh iarratas isteach ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 11(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013.

(4) Aontaíonn an Coimisiún leis na tuairimí ón nGníomhaireacht agus dá bhrí sin measann sé gurb iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Bioquell HPV-AQ' a leasú chun na hathruithe riaracháin a d'iarr Ecolab Deutschland GmbH a thabhairt isteach.

(5) Ach amháin i gcás na leasuithe a bhaineann leis na hathruithe riaracháin, fágtar gach faisnéis eile atá san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh 'Bioquell HPV-AQ', mar a leagtar amach í san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1226, gan athrú.

(6) Chun an tsoiléireacht a fheabhsú agus chun go mbeidh rochtain níos éasca ag úsáideoirí agus páirtithe leasmhara ar an leagan comhdhlúite den achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh atá le foilsiú ag an nGníomhaireacht, ba cheart Iarscríbhinn iomlán nua a chur in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1226. I ngeall ar athrú ar an bhformáid a úsáidtear chun an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a ghiniúint sa chlár do tháirgí bithicídeacha in 2024, ba cheart roinnt mionathruithe eagarthóireachta agus mionathruithe ar an leagan amach a dhéanamh ar an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh atá san Iarscríbhinn sin freisin.

---

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1226 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Bioquell HPV-AQ' (IO L 189, 18.7.2022, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1226/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe táirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

([4]) Tuairimí Uimh. UAD-C-1650176-34-00/F agus Uimh. UAD-C-1732722-38-00/F ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 10/03/2023 agus an 20/05/2024 maidir leis an athrú riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Bioquell HPV-AQ', https://echa.europa.eu/opinions-on-applications-for-union-authorisation.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1226 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1226.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Márta 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE hAGHAIDH TÁIRGE BITHICÍDEACH**

Bioquell HPV-AQ

**Cineál nó cineálacha táirge**

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

PT03: Sláinteachas tréidliachta

PT04: Limistéar bia agus beatha

**Uimhir an údaraithe:** EU-0027469-0000

**Uimhir sócmhainne R4BP:** EU-0027469-0000

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Trádainm/trádainmneacha an táirge**

| | |
|---|---|
| Trádainm/trádainmneacha | Bioquell HPV-AQ |

1.2. **Sealbhóir an údaraithe**

| | | |
|---|---|---|
| Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe | Ainm | Ecolab Deutschland GmbH |
| | Seoladh | Ecolab Allee 1 40789 Monheim am Rhein DE |
| Uimhir an údaraithe | | EU-0027469-0000 |
| *Uimhir sócmhainne R4BP* | | EU-0027469-0000 |
| Dáta an údaraithe | | 7/8/2022 |
| Dáta éaga an údaraithe | | 31/7/2032 |

1.3. **Monaróir/monaróirí an táirge**

| | |
|---|---|
| Ainm an mhonaróra | Ecolab Europe GmbH |
| Seoladh an mhonaróra | Richtistrasse 7 8304 Wallisellen An Eilvéis |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Ecolab Europe GmbH site 1<br>153 Quai de Rancy, Bonneuil-sur-Marne 94380 Páras An Fhrainc<br><br>Ecolab Europe GmbH site 2<br>53 Royce Close SP10 3TS Andover Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann<br><br>Ecolab Europe GmbH site 3<br>Unit E4, Eastway Business Park, Ballysimon Road V94 K267 Luimneach Éire<br><br>Ecolab Europe GmbH site 4<br>A.F.P. GmbH Otto-Brenner-Straße 16 21337 Lüneburg An Ghearmáin |

| | |
|---|---|
| | Ecolab Europe GmbH site 5<br>ACIDEKA S.A. Edificio Feria. Capuchinos de Basurto 6, 4a planta 48013 Bilbao. Bizkaia An Spáinn |
| | Ecolab Europe GmbH site 6<br>ADIEGO HNOS CTRA DE VALENCIA, KM 5,900 50410 CUARTE DE HUERVA (ZARAGOZA) 50410 Zaragoza An Spáinn |
| | Ecolab Europe GmbH site 7<br>ALLIED PRODUCTS Allied Hygiene Unit 11, Belvedere Industrial Estate Fishers Way DA17 6BS Belvedere, Kent Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann |
| | Ecolab Europe GmbH site 8<br>Arkema GmbH Morschheimer Srtrasse 19 D-67292 Krichheimbolanden An Ghearmáin |
| | Ecolab Europe GmbH site 9<br>AZELIS DENMARK Lundtoftegårdsvej 95 2800 Kgs. 2800 Kgs Lyngby An Danmhairg |
| | Ecolab Europe GmbH site 10<br>Belinka Zasavska Cesta 95 1001 Ljubljana An tSlóivéin |
| | Ecolab Europe GmbH site 11<br>BENTUS LABORATORIES LTD. RUSSIA, 105005, MOSCOW, RADIO STREET, 24 BLD.1 105005 Moscó Cónaidhm na Rúise |
| | Ecolab Europe GmbH site 12<br>BIO PRODUCTIONS 72 VICTORIA ROAD, VICTORIA INDUSTRIAL ESTATE, BURGESS HILL, WEST SUSSEX RH159LH Burgess Hill Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann |
| | Ecolab Europe GmbH site 13<br>BIOXAL SA Route des Varennes - Secteur A – BP 30072 71103 Chalon sur Saöne Cedex An Fhrainc |
| | Ecolab Europe GmbH site 14<br>Bores Srl Via Pioppa, 179 44020 Pontegradella An Iodáil |
| | Ecolab Europe GmbH site 15<br>BRENNTAG ARDENNES Route de Tournes CD n 2 FR-08090 FR-08090 Cliron An Fhrainc |
| | Ecolab Europe GmbH site 16<br>BRENNTAG CEE - GUNTRAMSDORF Brenntag CEE GmbH Mixing / Blending Bahnstr. 13 A-2353 Guntramsdorf An Ostair |
| | Ecolab Europe GmbH site 17<br>BRENNTAG Duisburg/Glauchau/Hamburg/Heilbronn Brenntag GmbH Humboldtring 15 45472 Muehlheim An Ghearmáin |
| | Ecolab Europe GmbH site 18<br>BRENNTAG Kaiserslautern Brenntag Merkurstr. 47 67663 Kaiserslautern An Ghearmáin |
| | Ecolab Europe GmbH site 19<br>BRENNTAG Kleinkarlbach/Lohfelden Brenntag GmbH Humboldtring 15 45472 Muehlheim An Ghearmáin |

| | |
|---|---|
| | Ecolab Europe GmbH site 20<br>BRENNTAG Nordic - HASLEV Høsten Teglværksvej 47 4690 Haslev An Danmhairg<br><br>Ecolab Europe GmbH site 21<br>Brenntag Nordic, Strandgade 35 7100 Vejle An Danmhairg<br><br>Ecolab Europe GmbH site 22<br>BRENNTAG Normandy Brenntag Normandie 12 Sente des Jumelles - BP 11 76710 76710 Montville An Fhrainc<br><br>Ecolab Europe GmbH site 23<br>BRENNTAG PL -Zgierz ul. Kwasowa 5 95-100 Zgierz An Pholainn<br><br>Ecolab Europe GmbH site 24<br>Brenntag Quimica S.A. - Madrid. Calle Gutemberg nº 22,.Poligono Industrial El Lomo 28906 Madrid An Spáinn<br><br>Ecolab Europe GmbH site 25<br>BRENNTAG Schweizerhall Brenntag Schweizerhall AG Elsaesserstr. 231 CH-4056 Basel An Eilvéis<br><br>Ecolab Europe GmbH site 26<br>Budich International GmbH Dieselstrasse 10 32120 Hiddenhause An Ghearmáin<br><br>Ecolab Europe GmbH site 27<br>Caldic Deutschland Chemie B.V Caldic Deutschland GmbH & Co.Kg Am Karlshof 10 D 40231 Duesseldorf An Ghearmáin<br><br>Ecolab Europe GmbH site 28<br>Carbon Chemicals Group Ltd, Ringaskiddy P43 R772 Contae Chorcaí Éire<br><br>Ecolab Europe GmbH site 29<br>COLEP BAD SCHMIEDEBERG ColepCCL Bad Schmiedeberg GmbH Kemberger Str. 3 06905 Bad Schmiedeberg An Ghearmáin<br><br>Ecolab Europe GmbH site 30<br>COMERCIAL FARMACEUTICA CASTEL: LANA, S.A. "COFARCAS" Condado de Treviño, 46 P.I. Villalonquejar 09080 – BURGOS 09080 Burgos An Spáinn<br><br>Ecolab Europe GmbH site 31<br>COMERCIAL GODO França, 13 08700 – IGUALADA (BARCELONA) 08700 BARCELONA An Spáinn<br><br>Ecolab Europe GmbH site 32<br>COURTOIS SARL ZA SOUS LE BEER Route de Pacy 27730 BUEIL An Fhrainc<br><br>Ecolab Europe GmbH site 33<br>DAN MOR (DR WIPE) DAN-MOR Natural Products and Chemicals Ltd. Or Akiva Industrial Zone 30600 Akiva Industrial Zone Iosrael<br><br>Ecolab Europe GmbH site 34<br>Denteck BV Heliumstraat 8 2718 SL ZOETERMEER An Ísiltír |

| | |
|---|---|
| | Ecolab Europe GmbH site 35<br>DETERGENTS BURGUERA DETERGENTS BURGUERA, S.L. Joan Ballester 50 07630 CAMPOS (ILLES BALEARES) An Spáinn<br><br>Ecolab Europe GmbH site 36<br>ECL Biebesheim NLC Biebesheim Justus-von-Liebig-Straße 11 64584 Biebesheim am Rhein An Ghearmáin<br><br>Ecolab Europe GmbH site 37<br>ECL Celra NALCO - Celra C/ Tramuntana s/n Poligona Industrial Celra 17460 Girona An Spáinn<br><br>Ecolab Europe GmbH site 38<br>ECL Châlons AVENUE DU GENERAL PATTON 51000 CHALONS EN CHAMPAGNE An Fhrainc<br><br>Ecolab Europe GmbH site 39<br>ECL Cisterna Nalco Italiana Manufacturing Srl.Via Ninfina II 04012 Cisterna di Latina An Iodáil<br><br>Ecolab Europe GmbH site 40<br>ECL Fawley NLC Fawley Cadland Road, Hythe, SO45 3NP Southampton, Hampshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann<br><br>Ecolab Europe GmbH site 41<br>ECL Leeds ECOLAB Lotherton Way Garforth Leeds LS25 2JY LS25 2JY Leeds Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann<br><br>Ecolab Europe GmbH site 42<br>ECL Mandra 25TH KM OLD NATIONAL ROAD OF ATHENS TO THIVA, GR 19600 GR 19600 AN AITHIN An Ghréig<br><br>Ecolab Europe GmbH site 43<br>ECL Maribor Vajngerlova 4, SI-2001 Maribor SI-2001 Maribor An tSlóivéin<br><br>Ecolab Europe GmbH site 44<br>ECL MICROTEK BV MICROTEK MEDICAL B.V. GESINKKAMPSTRAAT 19, 7051 HR, VARSSEVELD 7051 HR VARSSEVELD An Ísiltír<br><br>Ecolab Europe GmbH site 45<br>ECL MICROTEK MOSTA SORBONNE CENTRE, F20 MOSTA TECHNOPARK, MOSTA MST 3000 MOSTA Málta<br><br>Ecolab Europe GmbH site 46<br>ECL Nieuwegein BRUGWAL 11 A, 3432 NZ NIEUWEGEIN 3432 NZ NIEUWEGEIN An Ísiltír<br><br>Ecolab Europe GmbH site 47<br>ECL Rovigo Esoform Esoform S.p.A. Laboratorio Chimico Farmaceutico Viale del Lavoro 10 45100 Rovigo An Iodáil<br><br>Ecolab Europe GmbH site 48<br>ECL Rozzano Via A. Grandi, 20089 Rozzano MI 20089 Rozzano An Iodáil |

| | |
|---|---|
| | Ecolab Europe GmbH site 49<br>ECL Tesjoki NLC Tesjoki Kivikummuntie 1, Tesjoki 07955 Tesjoki An Fhionlainn |
| | Ecolab Europe GmbH site 50<br>ECL Tessenderlo INDUSTRIEZONE RAVENSHOUT 4 3980 Tessenderlo An Bheilg |
| | Ecolab Europe GmbH site 51<br>ECL Weavergate NLC Weavergate Northwich, Cheshire West and Chester CW8 4EE Northwich) Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann |
| | Ecolab Europe GmbH site 52<br>Ecolab Ltd Baglan/Swindon, Plot 7a Baglan Energy Park, Baglan, Port Talbot SA11 2HZ Port Talbot Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann |
| | Ecolab Europe GmbH site 53<br>EXTRUPLAST ZI Fief du Passage 56 rue Robert Geffré 17000 La Rochelle An Fhrainc |
| | Ecolab Europe GmbH site 54<br>Ferdinand Eimermacher GmbH & Co. KG Westring 24 48356 Nordwalde An Ghearmáin |
| | Ecolab Europe GmbH site 55<br>F.E.L.T. BP 64 10 rue du Vertuquet 59531 NEUVILLE EN FERRAIN An Fhrainc |
| | Ecolab Europe GmbH site 56<br>Gallows Green Services Ltd. Cod Beck Mill Industrial Estate Dalton Lane YO7 3HR North Yorkshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann |
| | Ecolab Europe GmbH site 57<br>GERDISA GERMAN RGUEZ DROGAS IND Gerdisa Polígono Industrial Miralcampo parc.37 19200 Azuqueca de Henares Guadalajara An Spáinn |
| | Ecolab Europe GmbH site 58<br>GIRASOL NATURAL PRODUCTS BV De Veldoven 12-14 3342 GR Hendrik-Ido-Ambacht 3342 GR Hendrik-Ido-Ambacht An Ísiltír |
| | Ecolab Europe GmbH site 59<br>HENKEL ENGELS Henkel Engels 413116 Engels Prospekt StroiTel ei Russia 413116 Engels Cónaidhm na Rúise |
| | Ecolab Europe GmbH site 60<br>Imeco GmbH & Co. KG Boschstraße 5 D-63768 Hösbach An Ghearmáin |
| | Ecolab Europe GmbH site 61<br>INTERFILL LLC-TOSNO INTERFILL LLC 187000, Moskovskoye shosse 1 187000 Tosno - Leningradskaya oblast Cónaidhm na Rúise |
| | Ecolab Europe GmbH site 62<br>JODEL - PRODUCTOS QUIMICOS Jodel Zona Industrial 2050 Aveiras de Cima 2050 Aveiras de Cima An Phortaingéil |

| | |
|---|---|
| | Ecolab Europe GmbH site 63<br>Kleinmann GmbH Am Trieb 13 72820 Sonnenbühl An Ghearmáin |
| | Ecolab Europe GmbH site 64<br>Kompak Nederland B.V. Ambachtsweg 4, 4854 MK Bavel An Ísiltír |
| | Ecolab Europe GmbH site 65<br>La Antigua Lavandera SL LA ANTIGUA LAVANDERA, S.L. Ctra. Antigua Sevilla-Alcalá Km.1,5 (SE-410) Apartado de Correos, 58 41500 Sevilla An Spáinn |
| | Ecolab Europe GmbH site 66<br>LABORATOIRES ANIOS Pavé du moulin 59260 Lille-Hellemmes An Fhrainc |
| | Ecolab Europe GmbH site 67<br>LABORATOIRES ANIOS 3330 Rue de Lille 59262 Sainghin-en-Mélantois An Fhrainc |
| | Ecolab Europe GmbH site 68<br>LICHTENHELDT GmbH Lichtenheldt Industriestrasse 7-9 23812 Wahlstedt An Ghearmáin |
| | Ecolab Europe GmbH site 69<br>Lonza GmbH Morianstr.32 42103 Wuppertal An Ghearmáin |
| | Ecolab Europe GmbH site 70<br>McBride SA Polígon Industrial L'Illa C / Ramon Esteve, 20-22 08650 Sallent An Spáinn |
| | Ecolab Europe GmbH site 71<br>Multifill BV Constructieweg 25-A 3641 SB Mijdrecht 3641 Mijdrecht An Ísiltír |
| | Ecolab Europe GmbH site 72<br>NOPA NORDISK PARFUMERIVARE Nordisk Parfumerivarefabrik A/S Hvedevej 2-22 DK-8900 Randers An Danmhairg |
| | Ecolab Europe GmbH site 73<br>PAL INTERNATIONAL LTD Pal International Ltd. Sandhurst Street, Oadby Leicester Leicester Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann |
| | Ecolab Europe GmbH site 74<br>Planol GmbH Maybachstr. 17 63456 Hanau An Ghearmáin |
| | Ecolab Europe GmbH site 75<br>Plum A/S Frederik Plums Vej 2 DK 5610 Assens An Danmhairg |
| | Ecolab Europe GmbH site 76<br>PRODUCTOS LC LA CORBERANA, S.L. Crta. Corbera – Polinyá 46612 Valencia An Spáinn |
| | Ecolab Europe GmbH site 77<br>THE PROTON GROUP LTD Ripley Drive, Normanton Industrial Estate WF6 1QT Wakefield Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann |
| | Ecolab Europe GmbH site 78<br>QUIMICAS MORALES, S.L. Misiones, 11 - Urb. El Sebadal 05005 LAS PALMAS DE GRAN CANARIA An Spáinn |

| | |
|---|---|
| | Ecolab Europe GmbH site 79<br>RNM PRODUCTOS QUIMICOS RNM - Produtos Quimicos, Lda Rua da Fabrica, 123 4765-080 Segade An Phortaingéil<br><br>Ecolab Europe GmbH site 80<br>ROQUETTE & BARENTZ Roquette Freres Route De La Gorgue F-62136 Lestrem An Fhrainc<br><br>Ecolab Europe GmbH site 81<br>RUTPEN LTD MEMBURY AIRFIELD RG16 7TJ LAMBOURN Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann<br><br>Ecolab Europe GmbH site 82<br>SOLIMIX Solimix Montseny 17-19 Pol. Ind. Sant Pere Molanta 08799 Barcelona An Spáinn<br><br>Ecolab Europe GmbH site 83<br>Staub & Co. – Silbermann GmbH , Industriestraße 3 D-86456 Gablingen An Ghearmáin<br><br>Ecolab Europe GmbH site 84<br>Stockmeier Chemie Eilenburg GmbH & Co. KG Gustav-Adolf-Ring 5 04838 Ellenburg An Ghearmáin<br><br>Ecolab Europe GmbH site 85<br>SYNERLOGIC BV ( - IN2FOOD) Synerlogic BV afd. L.J. Costerstraat 5 6827 ARNHEM An Ísiltír<br><br>Ecolab Europe GmbH site 86<br>Univar Ltd, Argyle House, Epsom Avenue SK9 3RN Wilmslow Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann<br><br>Ecolab Europe GmbH site 87<br>Univar SPA Via Caldera 21 20-153 Milano Milano An Iodáil<br><br>Ecolab Europe GmbH site 88<br>van Dam Bodegraven B.V Postbus 48 NL 2410 AA Bodegraven An Ísiltír<br><br>Ecolab Europe GmbH site 89<br>Laboratoires Prodene Klint Rue Denis Papin, 2 Z.I. Mitry Compans F-77290 Mitry Mory F-77290 Mitry Mory An Fhrainc<br><br>Ecolab Europe GmbH site 90<br>Simagec Z.I. de Rousset / Peynier, 54 Avenue de la Plaine 13790 Rousset An Fhrainc<br><br>Ecolab Europe GmbH site 91<br>INNOVATE GmbH, Innovate GmbH Am Hohen Stein 11 06618 Naumburg An Ghearmáin<br><br>Ecolab Europe GmbH site 92<br>Sima Pharma, 54 Avenue de la Plaine, ZI 13106 Rousset Cedex An Fhrainc<br><br>Ecolab Europe GmbH site 93<br>Techtex (Technical Textile Services Ltd) Units 7 & 8, Rhodes Business Park, Silburn Way, Middleton M24 4NE Manchester Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann |

| | |
|---|---|
| | Ecolab Europe GmbH site 94<br>Helico B.V. Hoogschaijksestraat 31 5374 EC Schaijk An Ísiltír<br><br>Ecolab Europe GmbH site 95<br>INCARE BV Keizersveld 99 5803 AP Venray An Ísiltír<br><br>Ecolab Europe GmbH site 96<br>ECL Mullingar Ecolab Ltd (IE). Forrest Park Zone C Mullingar Industrial Estate Mullingar Co.Westmeath Westmeath Éire<br><br>Ecolab Europe GmbH site 97<br>ECL Mullingar. Ecolab Manufacturing IE Ltd (IE) Forest Park, Zone C Mullingar Ind. Estate N91 Mullingar, Co.Westmeath Westmeath Éire<br><br>Ecolab Europe GmbH site 98<br>ECL Weavergate Site: Nalco Manufacturing Limited, Winnington Avenue, CW8 3AA Northwich, Cheshire (Postal Address: PO Box 11, Winnington Avenue, Northwich, Cheshire CW8 4DX)United Kingdom Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann<br><br>Ecolab Europe GmbH site 99<br>ECL Weavergate, Ecolab Ltd (UK) Winnington Avenue CW8 3AA Northwich, Cheshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann<br><br>Ecolab Europe GmbH site 100<br>ECL Weavergate, Ecolab Manufacturing UK Ltd (UK) Winnington Avenue CW8 3AA Northwich, Cheshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann |

1.4. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

| | |
|---|---|
| Substaint ghníomhach | Hydrogen peroxide |
| Ainm an mhonaróra | Evonik Peroxide Spain |
| Seoladh an mhonaróra | Beethoven 15, Sobreatico 08021 Барселона An Spáinn |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Evonik Peroxide Spain site 1<br>C/ Afueras s/n La Zaida 50784 Zaragoza An Spáinn |

| | |
|---|---|
| Substaint ghníomhach | Hydrogen peroxide |
| Ainm an mhonaróra | Evonik Operations GmbH (Acting for Evonik Active Oxygens, LLC (US)) |
| Seoladh an mhonaróra | Creavis, Rellinghauser Straße 1-11 45128 Essen An Ghearmáin |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Evonik Operations GmbH (Acting for Evonik Active Oxygens, LLC (US)) site 1<br>12000 Bay Area Blvd 77507 Pasadena, TX Na Stáit Aontaithe |

| | |
|---|---|
| Substaint ghníomhach | Hydrogen peroxide |
| Ainm an mhonaróra | Evonik Operations GmbH |
| Seoladh an mhonaróra | Creavis, Rellinghauser Straße 1-11 45128 Essen An Ghearmáin |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Evonik Operations GmbH site 1<br>Untere Kanatstrabe 3 79618 Rheinfelden An Ghearmáin |

| | |
|---|---|
| Substaint ghníomhach | Hydrogen peroxide |
| Ainm an mhonaróra | Evonik Peroxid GmbH |
| Seoladh an mhonaróra | Industriestrasse 1 A-9721 Weissenstein An Ostair |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Evonik Peroxid GmbH<br>Industriestrasse 1 A-9721 Weissenstein An Ostair |

2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE**

### 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge

| Gnáthainm | Ainm IUPAC | Feidhm | Uimhir CAS | Uimhir CE | Cion (%) |
|---|---|---|---|---|---|
| Hydrogen peroxide | | substaint ghníomhach | 7722-84-1 | 231-765-0 | 35 % (w/w) |

### 2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe

HN Tiúchán ceo-chóireála te

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM**

| | |
|---|---|
| Ráitis ghuaise | H272: D'fhéadfadh sé cur le tine; ocsaídeoir.<br>H302: Díobhálach má shlogtar é.<br>H315: Ina chúis le greannú craicinn.<br>H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.<br>H335: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le greannú riospráide.<br>H412: Díobhálach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha. |
| Ráitis réamhchúraim | P220: Coimeád amach ó éadaí nó ábhair indóite eile.<br>P261: Seachain gala a análú.<br>P270: Ná hith, ná hól nó ná caith tobac nuair atá an táirge seo in úsáid agat.<br>P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol.<br>P280: Caith lámhainní cosanta/éadaí cosanta/cosaint súile.<br>P301+P312: MÁ SHLOGTAR É: Cuir glao ar ionad nimhe nó ar dhoctúir/lia má bhraitheann tú tinn.<br>P330: Sruthlaítear an béal.<br>P302+P352: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN: Nigh le neart uisce.<br>P332+P313: I gcás greannú craicinn: Faigh cóir liachta. |

| | |
|---|---|
| | P362+P364: Bain díot láithreach na héadaí éillithe agus nigh iad sula ndéanfar iad a athúsáid.<br>P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach.<br>P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú.<br>P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.<br>P312: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhoctúir má bhraitheann tú tinn.<br>P370+P378: I gcás dóiteáin: Úsáid uisce le haghaidh múchta.<br>P403+P233: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád an coimeádán dúnta go docht.<br>P405: Stóráil faoi ghlas.<br>P501: Diúscair ábhar i de réir na rialachán áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta is infheidhme. |

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE**

4.1. **Tuairisc úsáide**

*Tábla 1*

**Díghalrú dromchla i bhfálta bheaga (0,25 m³ - 4 m³)**

| | |
|---|---|
| An cineál táirge | PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe<br>PT03: Sláinteachas tréidliachta<br>PT04: Limistéar bia agus beatha |
| I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe | - |
| Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha) | Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: spóir baictéir<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Míceabhaictéir<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: fungi<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Víris<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: baictéarafagach<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil |

| | |
|---|---|
| Réimse (nó réimsí) úsáide | úsáid laistigh<br><br>Dromchlaí crua, neamh-scagach i bhfálta bheaga séalaithe (0,25 $m^3$ go 4 $m^3$) le galúchán, le réamhghlanadh.<br>PT2 – dálaí glana in, mar shampla, aonraitheoirí, seomraí pasáiste, caibinéid, aerbhaic ábhartha, cófraí, línte líonta, feithiclí éigeandála.<br>PT3 – cásanna / racaí ainmhithe réamh-ghlanta laistigh d'áiseanna saotharlainne bithleighis agus ainmhithe<br>PT4 – dálaí glana, mar shampla, i línte líonta aiseiptigh, coimeádáin stórála. |
| Modh (nó modhanna) úsáide | Airí modha: galúchán<br><br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>Galúchán le córas Gaile Sárocsaíd Hidrigin Bioquell agus micrea-chomhdhlúthú díreach ina dhiaidh - chun an dífhabhtán a sheachadadh ar dhromchlaí i gcórais iata.Raon teochta: Teocht an tseomraRaon taise: 10 % - 80 % |
| Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe | Ráta úsáide: 100 g/$m^3$, táirge neamhchaolaithe, am teagmhála 35 nóiméad (i ndiaidh scaipthe). 0<br><br>Airí uainithe:<br>Ba cheart d'úsáideoirí dí-éilliú a dhéanamh de réir a gcuid riachtanas agus nósanna imeachta oibríochta |
| Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí | gairmiúil |
| Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta | 75 ml, 150 ml, 500 ml, 950 ml, 1 000 ml, 2 000 ml, 5 000 ml, 20 L agus 25 L. Tógtar buidéil de HDPE |

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Ná déan ach pacáistiú atá folamh go hiomlán a athchúrsáil. Aon táirge iarmharach a dhiúscairt de réir EWC 160903

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Cosnaítear ón tsioc é. Ná stóráil ag teocht os cionn 35 °C

Seilfré 18 mí.

4.2. **Tuairisc úsáide**

*Tábla 2*

**Díghalrú dromchla laistigh de fhálta móra (> 4 m³)**

| | |
|---|---|
| An cineál táirge | PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe<br>PT03: Sláinteachas tréidliachta<br>PT04: Limistéar bia agus beatha |
| I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe | - |
| Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha) | Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Míceabhaictéir<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: spóir baictéir<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: fungi<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Víris<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: baictéarafagach<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil |
| Réimse (nó réimsí) úsáide | úsáid laistigh<br><br>Dromchlaí crua, neamh-phóiriúil i bhfálta mhóra séalaithe (>4 m³) ag galúchán, le réamhghlanadh.<br>PT2 – dálaí glana, mar shampla, in ospidéil, seomraí glana, saoráidí próiseála aiseiptigh, saotharlanna, tithe altranais, saoráidí taighde, scoileanna, long chrúsála, feithiclí éigeandála, ospidéil tréidliachta (seachas tithíocht ainmhithe), saotharlanna in institiúidí tréidliachta<br>PT3 – cásanna / racaí ainmhithe réamh-ghlanta laistigh d'áiseanna saotharlainne bithleighis agus ainmhithe.<br>PT4 – dálaí glana, mar shampla, i línte líonta aiseiptigh, áiseanna táirgeachta bia, coimeádáin stórála |
| Modh (nó modhanna) úsáide | Airí modha: galúchán<br><br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>Galúchán le córas Gaile Sárocsaíd Hidrigin Bioquell agus micrea-chomhdhlúthú díreach ina dhiaidh - chun an dífhabhtán a sheachadadh ar dhromchlaí i gcórais iata.Raon teochta: teocht an tseomraRaon taise: 10% - 80% |

| | |
|---|---|
| Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe | Ráta úsáide: 10 g/m³, táirge neamhchaolaithe, am teagmhála 35 nóiméad (i ndiaidh scaipthe) 0.<br>Airí uainithe:<br>Ba cheart d'úsáideoirí dí-éilliú a dhéanamh de réir a gcuid riachtanas agus nósanna imeachta oibríochta. |
| Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí | gairmiúil |
| Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta | 75 ml, 150 ml, 500 ml, 950 ml, 1 000 ml, 2 000 ml, 5 000 ml, 20 L agus 25 L. Tógtar buidéil de HDPE. |

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Ná déan ach pacáistiú atá folamh go hiomlán a athchúrsáil. Aon táirge iarmharach a dhiúscairt de réir EWC 160903

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Cosnaítear ón tsioc é. Ná stóráil ag teocht os cionn 35 °C. Seilfré 18 mí.

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ( [1])**

## 5.1. Treoracha úsáide

Caithfear dromchlaí a ghlanadh agus a thriomú roimh dhíghalrú, ba cheart doirse cófra agus tarraiceáin a oscailt chun go mbeidh an próiseas éifeachtach.

Ba cheart d'úsáideoirí dí-éilliú a dhéanamh de réir a gcuid riachtanas agus nósanna imeachta oibríochta.

I gcomhair díghalraithe cásanna/racaí ainmhithe réamhghlanta laistigh gléasraí saotharlainne bithleighis agus ainmhithe, ní féidir díghalrú a dhéanamh ach ar dhromchlaí neamhphóiriúil glanta go hiomlán (PT3), nuair is féidir úsáidtear innill níocháin uathoibrithe.

Ná measc le glantaigh nó le ceimiceáin eile. Neamhchaolaithe.

Tá Bioquell HPV-AQ le húsáid le modúl galúchán Bioquell mar dhífhabhtán do dhromchlaí agus do rudaí neamhbheo eile in fálta.

Séalaigh an fál (m.s. le téip) le cinntiú nach ligtear substaint ghníomhach galaithe amach ón iatán sula dtosaíonn tú timthriall.

Déan tagairt do chur isteach Lipéadaithe Bioquell HPV-AQ sula ndéantar timthriall a reáchtáil.

Ag deireadh na tréimhse teaghaise, cuirtear an chéim aeraithe i ngníomh a bhaineann an sárocsaíd hidrigine as. Díghníomhachtaíonn an t-úsáideoir an chéim aeraithe nuair a dheimhnítear go bhfuil an fál níos lú ná nó cothrom le 1,25 mg/m³ (0,9 ppm) ag baint úsáide as braiteoir sárocsaíd hidrigine leibhéal íseal calabraithe neamhspleách.

([1]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáid údaraithe.

Ba cheart bailíochtú bitheolaíoch a dhéanamh chun fálta a dhíghalrú. Sa chás go ndéantar rialú maith ar dhálaí comhshaoil laistigh de fálta, ba cheart prótacal chun an fál a dhíghalrú agus a úsáid ina dhiaidh sin. Is féidir táscairí cainníochtúla ceimiceacha deimhnithe a úsáid in ionad táscairí bitheolaíocha le haghaidh gnáthamh dhíghalrúcháin.

Cuirfear táscairí bitheolaíocha nó ceimiceacha san fhál chun an timthriall a bhailíochtú.

Níor cheart d'úsáideoirí oibríochtaí glantacháin láimhe a dhéanamh (mar shampla, scuabadh) díreach tar éis an dí-éillithe.

## 5.2. Bearta maolaithe riosca

Ní cheadaítear d'aon duine ná d'ainmhithe a bheith i láthair i seomra le linn na cóireála.

Ní fhéadfar limistéir chóireáilte a iontráil go dtí go mbeidh tiúchan sárocsaíd hidrigine ≤0,9 ppm (1,25 mg/m$^3$).

Ní fhéadfaidh an t-úsáideoir gairmiúil dul isteach sa seomra ach amháin i gcásanna éigeandála nuair a bheidh an leibhéal sárocsaíde hidrigine tite faoi bhun 36 ppm (50 mg/m$^3$) de réir RPE le APF 40 (Cineál RPE atá le sonrú ag an sealbhóir údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge) agus caithfear trealamh cosanta oiriúnach (lámhainní, cosaint súl, rabhlaer) a chaitheamh.

Úsáid braiteoir calabraithe chun a dhearbhú go bhfuil ≤0,9 ppm (1,25 mg/m$^3$) sula ndéantar athointráil.

Nuair a osclaíonn tú an coimeádán agus an t-ábhar á ullmhú agat, caith trealamh cosanta pearsanta oiriúnach (lámhainní, cosaint súl, rabhlaer).

Nigh do lámha tar éis a láimhsithe.

## 5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Éifeachtaí nochta féideartha:

An Craiceann – dó ceimiceach – gealú neamhbhuan, sealdach an chraiceann

Na Súile – acmhainneacht le haghaidh damáiste buan

Ionanálú – greannú na scornach agus na srón

**MÁ IONANÁLAÍTEAR**: Tabhair amach faoin aer agus coimeád socair i suíomh atá compordach d'análú.

Má tá comhartha sóirt ann: Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Mura bhfuil comharthaí sóirt ann: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Faisnéis do phearsanra Sláinte/dochtúir:

Cuir tús le bearta tacaithe beatha más gá, tar éis sin glao ar IONAD NIMH.

**MÁ SHLOGTAR**: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

**I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN**: Bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad roimh iad a athúsáid. Nigh craiceann le huisce. I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.

**I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE**: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh.

Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

## 5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Ná sceith táirge nach n-úsáidtear ar an talamh, isteach i sruthchúrsaí, isteach i bpíopaí (doirteal, leithris...) ná síos sna draein. Faigh réidh le táirge nach n-úsáidtear, a phacáistíocht agus gach dramhaíl eile i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Cosnaítear ón tsioc é. Ná stóráil ag teocht os cionn 35 °C.

Seilfré 18 mí.

6. **FAISNÉIS EILE**

Níl Bioquell HPV-AQ beartaithe mar steirileán / díghalrán deiridh do ghléasraí liachta.